Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7426/22**
**ADD 1**

**AGRI 111**
**ENV 255**
**AGRIFIN 33**
**AGRIORG 35**
**SOC 180**
**COH 23**
**ALIM 2**
**COHAFA 36**
**DEVGEN 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 133 final - ANNEXES 1 to 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 133 final - ANNEXES 1 to 2.

Faoi iamh: COM(2022) 133 final - ANNEXES 1 to 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2022
COM(2022) 133 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an*

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**An tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú**

**IARSCRÍBHINN 1**

**AN TSLÁNDÁIL DHOMHANDA BIA AGUS SLABHRA AGRAIBHIA AN AONTAIS**

## An staid mar atá san Aontas

Tá an tAontas neamhspleách den chuid is mó maidir le príomhtháirgí bia. Tá an tAontas ina phríomhonnmhaireoir cruithneachta agus eorna agus tá sé in ann a thomhaltas i dtaca le príomhbharra eile amhail arbhar Indiach nó siúcra a chumhdach. Tá an tAontas neamhspleách den chuid is mó freisin maidir le táirgí ainmhithe, idir tháirgí déiríochta agus tháirgí feola (seachas caoireoil agus feoil ghabhair agus bia mara), bia mara, torthaí agus glasraí (péitseoga, neachtairíní, úlla, trátaí, oráistí).


I gcás roinnt táirgí sonracha, áfach, is glan-allmhaireoir suntasach é an tAontas. I gcásanna áirithe bíonn sé deacair táirgí allmhairithe a ionadú, bíodh sé sin i dtéarmaí toirte, foinsí allmhairiúcháin, cáilíochta nó costais. Is amhlaidh atá i gcás táirgí trópaiceacha (torthaí trópaiceacha, caife, cócó), táirgí éisc, beatha agus breiseáin éagsúla, amhail vitimíní agus aimíonaigéid atá ríthábhachtach maidir le táirgeadh táirgí beatha ainmhithe nó bia. Go háirithe, is de bhunús neamh-Aontais a bhí 22 % den phróitéin beatha in 2021/22, ach baineann an cóimheas sin 75 % amach maidir le min olashíl[1] (soighe den chuid is mó).

*Tionchar an bhorrtha dhomhanda ar phraghas na dtráchtearraí*

Tá roinnt cosúlachtaí idir an **borradh ginearálta ar phraghas na dtráchtearraí** atá ann faoi láthair agus an borradh a bhí ar thráchtearraí in 2008 i dtéarmaí nádúr ginearálaithe an bhorrtha lena ngabhann praghsanna ardleibhéil, comhghluaiseacht agus luaineacht ard i bpraghsanna na dtráchtearraí uile. Anois, agus go nuige seo, is é atá sa mhéadú ar phraghsanna ionchur le haghaidh táirgí talmhaíochta ná ilmhéadú ar phraghsanna bia, agus is léiriú eile é ar an bhfadhb a bhíonn ag táirgeoirí maidir le scrogaill agus moill i ndáil le tarchur phraghas an bhiashlabhra, agus ag an am céanna tagann ardú mórar phraghsanna bia.

[1] Clár comhardaithe an Aontais do bheatha próitéine, AS AGRI.

**Graf 1. Athruithe ar phraghsanna tráchtearraí**




Mar sin féin, tá roinnt difríochtaí móra idir an dá eachtra. **Tá leibhéil choibhneasta stoic na dtráchtearraí talmhaíochta móra níos airde sa lá atá inniu ann**. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar stoic na bpríomh-thráchtearraí móra le 4 bliana anuas, níl cóimheasa idir na stoic agus an úsáid a bhaintear astu ar chor ar bith cóngarach don leibhéal a bhí ann roimh ardú tobann na bpraghsanna idir 2008 agus 2010, fiú nuair a chuirtear san áireamh nach gcuirfidh an Úcráin agus an Rúis margaí iomlána ar fáil don bhliain mhargaíochta seo.

Tá feabhas mór tagtha ar rialáil agus ar thrédhearcacht na margaí tráchtearraí ó eisíodh Teachtaireacht 2008 maidir le praghsanna bia san Eoraip[2], rud a táirgeadh tar éis an mhéadaithe ar phraghas an bhia in 2007/2008. Ag an am sin, mhol an Coimisiún **iomaíochas shlabhra an tsoláthair bia a chur chun cinn**, cur i bhfeidhm díocasach rialacha iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí, athbhreithniú a dhéanamh agus, i gcás inar gá, **feabhas a chur ar an rialáil maidir le feidhmiú an tslabhra soláthair bia**, feabhas a chur ar fhaisnéis do thomhaltóirí agus amhantraíocht ar mhargaí tráchtearraí talmhaíochta agus ar mhargaí díorthach a dhíspreagadh. Cuireadh na moltaí sin go léir i bhfeidhm mar ghníomhaíochtaí reachtacha agus beartais (féach Iarscríbhinn 2), a thugann túsphointe chun teacht slán as dúshláin an lae inniu.

*An tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar thalmhaíocht agus ar iascach an Aontais*

Chomh maith le bheith gan aon chosaint ar an mborradh atá ag teacht ar **phraghsanna fuinnimh**, tá earnáil an bhia gan chosaint ar na héifeachtaí boilscitheacha a bhíonn ag sraith táirgí agus seirbhísí. Is é an príomh-thomhaltóir é maidir le leasacháin agus táirgí fíteashláintíochta, ach is tomhaltóir innealra agus ábhar pacáistíochta bia é freisin, agus tá tionchar ag an méadú ar chostais iompair air.

2 COM (2008) 821 final.

Is mór an tionchar a imríodh mar gheall ar na **costais a bhaineann le leasacháin a bheith ag ardú**. Leasacháin is cúis le 18 % de chostais ionchur feirmeacha barra arúil (2017-19 ar an meán). Is é gás nádúrtha an príomhrud lena gcinntítear praghas na leasachán nítrigin-bhunaithe. An gás nádúrtha is cúis le 60-80 % de na costais ionchur athraitheach le haghaidh a dtáirgthe. Má bhíonn praghsanna arda mórdhíola gáis nádúrtha ann, beidh praghsanna arda leasacháin ann (i gcás leasacháin nítrigin-bhunaithe amhail úiré, bhí praghsanna a bhí chomh hard leis na leibhéil a chonacthas le linn na géarchéime airgeadais idir 2007 agus 2008). Chuir roinnt táirgeoirí leasacháin san Aontas stad sealadach lena dtáirgeadh mar go raibh costais fuinnimh ró-ard. Níl praghsanna na leasachán carraigbhunaithe (fosfáit agus go háirithe potaisiam) nasctha an oiread sin le praghsanna fuinnimh, cé go bhfuil siad faoi bhrú freisin mar gheall ar an mbaint mór atá ag an Rúis agus an Bhealarúis i dtáirgeadh an domhain.

Cé go n-iompórtálann an tAontas leasachán ón Rúis ar fiú EUR 3 bhilliún é, tá teorainn i gcónaí le hallmhairí do leasacháin nítrigin-bhunaithe, agus níos mó ná 90 % de thomhaltas an Aontais á chur ar fáil ag tionscal intíre an Aontais. Mar sin féin, tá an tionscal ag brath go mór ar ghás de bhunadh na Rúise.

Tá **earnáil an iascaigh** thíos go mór freisin leis an méadú ar phraghas an bhreosla mhuirí. Tá praghas an bhreosla mhuirí níos airde ná mar a bhí le 20 bliain anuas, tá méadú 100 % tagtha air i gcomparáid leis an meánphraghas in 2021. Ar an leibhéal sin de phraghsanna breosla, tá formhór na ranna cabhlaigh de chuid an Aontais faoi bhun an phointe ioncaim meá ar mheá a ghabhann leo agus ní chlúdaíonn siad a gcostais oibríochtúla. Is cúis mhór imní don **earnáil dobharshaothraithe** (caidéalú agus imshruthú uisce) agus do na hearnálacha próiseála (línte táirgthe agus saoráidí stórála/reoite) an méadú ar chostais leictreachais.

*Staid ioncaim feirme*

Mar gheall ar leibhéil mhaithe táirgthe agus praghsanna do thalmhaíocht an Aontais, tháinig feabhas ar ioncam feirme 2021 an AE in aghaidh an oibrí i gcomparáid leis an meán do 2017-19. Cuireann an **méadú mór ar chostais ionchur** brú ar chorrlaigh, go háirithe i gcás beostoic, muiceoil go háirithe, agus i gcás táirgeoirí dobharshaothraithe, a bhfuil costais bheatha i bhfad níos airde le híoc acu cheana féin. **Meastar, dá bhrí sin, go dtiocfaidh laghdú ar an meánioncam feirme in aghaidh an oibrí in 2022 agus in 2023**, rud a chuirfidh deireadh leis na gnóthachain a rinneadh in 2020 agus in 2021, agus laghdú níos déine ann i gcás táirgeoirí beostoic.

*Costais lóistíochta agus ionchur eile a mhéadú*

Bíonn costais mhéadaithe le híoc ag monaróirí bia, trádálaithe agus miondíoltóirí le haghaidh iompair agus lóistíochta (i mbulc, i gcoimeádán nó san aer). De dheasca drochthionchar COVID-19 agus an téarnamh eacnamaíoch láidir a tháinig ina dhiaidh, cuireadh brú ar acmhainneachtaí lasta muirí. Cuirfear tuilleadh struis ar lasta muirí freisin de dheasca an tsuaite sa Mhuir Dhubh. Beidh méadú ar chostais ionchur eile ann freisin: is amhlaidh atá mar shampla i gcás costais phacáistíochta (coimeádáin adhmaid + 37 %, páipéar agus laíon + 26 %, plaisteach + 13 %)[3]. Tuairiscítear go bhfuil ról ag an easpa

[3] https://www.fooddrinkeurope.eu/wp-content/uploads/2022/03/Economic-Bulletin-on-Input-Costs-NovDec-2021-FINAL-public-version.pdf


saothair agus na deacrachtaí maidir le hearcú i dtionscal déantúsaíochta bia an Aontais maidir leis seo freisin (+ 62 % ráta folúntas sa mhonaraíocht).

*Ardú ar phraghsanna bia an Aontais*

Agus an meall mór ar deireadh, ó bhí samhradh na bliana 2021 ann, **tháinig méadú ar phraghsanna bia le haghaidh thomhaltóirí**, a bhain 5,6 % amach ar bhonn bliantúil i mí Feabhra 2022, an ráta ab airde ó bhí tús phaindéim COVID-19 ann. Is cuid thábhachtach den ráta boilscithe foriomlán (ICPT[4]) é an bia, ag a bhfuil sciar de 16 % ar an meán in AE-27, agus ar féidir 6 % breise le haghaidh na lónadóireachta a chur leis. I gcomparáid leis sin, is sciar 10 % den mheánchiseán teaghlaigh atá isna costais fuinnimh a ghearrtar ar thithíocht agus ar iompar.

Bíonn tionchair éagsúla ar na Ballstáit éagsúla, ag brath ar a gcomhthéacs eacnamaíoch náisiúnta faoi seach, ar struchtúr a slabhraí soláthair bia, agus ar phatrúin náisiúnta éilimh na dtomhaltóirí.

**Graf 2: Boilsciú i bpraghas an bhia de réir Ballstáit**




*Foinse: Eurostat (Ballstáit roghnaithe).*

## An Úcráin, an Rúis agus an tslándáil dhomhanda bia

Tháinig ionradh na Rúise ar an Úcráin sa bhreis ar bhrúnna boilscitheachana agus ar mhargaí tráchtearraí (fuinnimh) a bhí teannasach cheana[5]. Thairis sin, bíonn tionchar aige ar an tslándáil bia ar fud an domhain: Tá ról tábhachtach ag **an Úcráin agus an Rúis** i margadh domhanda na ngráinní agus olashíl. Is san Úcráin atá 10 % den mhargadh domhanda cruithneachta, 13 % den mhargadh eorna, 15 % den mhargadh arbhair

4 Innéacs comhchuibhithe praghsanna le haghaidh tomhaltóirí

5 Tá anailís fhairsing le fáil i nóta faisnéise Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe '*The importance of Ukraine and the Russian Federation for global agricultural markets and the risks relating with the current conflict*', 11 Márta 2022, https://www.fao.org/3/cb9013en/cb9013en.pdf , nó in '*The Ukraine Conflict and Global Food Price Scares*', R. Vos, J. Glauber, M. Hernandez, agus D. Laborde, 1 Márta 2022, https://www.foodsecurityportal.org/node/1921.

Indiaigh, agus is í an Úcráin is tábhachtaí sa mhargadh d'ola lus na gréine (níos mó ná 50 % den trádáil dhomhanda). A mhéid a bhaineann leis an Rúis, is aige sin atá 24 % (cruithneacht), 14 % (earla) agus 23 % (ola neamhshreibhe) de mhargadh domhanda na n-earraí sin. Is onnmhaireoir mór í an Rúis freisin d'iasc geal, go háirithe mangach Alascach don tionscal próiseála (16 % den soláthar).

Allmhairíonn an Afraic Thuaidh agus an Meánoirthear os cionn 50 % dá riachtanais arbhair ón Úcráin agus ón Rúis. Allmhairíonn tíortha na hAfraice Thoir 72 % dá ngránaigh ón Rúis agus 18 % ón Úcráin. Is soláthraí tábhachtach gráin bhuí (beatha) chuig an Aontas Eorpach agus chuig an tSín í an Úcráin freisin.

Is í an Úcráin an ceathrú soláthraí agraibhia is mó san Aontas agus príomhfhoinse gránach (52 % d'allmhairí arbhair Indiaigh san Aontas, 19 % den chruithneacht bhog), olaí glasraí (23 % d'allmhairí san Aontas) agus olashíolta (22 % d'allmhairí san Aontas, go háirithe ráibe 72 % d'allmhairí san Aontas). Onnmhairíonn an Rúis níos lú go dtí an tAontas.

I bhfianaise na bainte móire atá ag an Úcráin sa trádáil idirnáisiúnta, an suaitheadh ar tháirgeadh talmhaíochta agus lóistíocht na hÚcráine, in éineacht leis an méadú ar chostais lasta agus árachais, beidh **mórimpleachtaí ann ar mhargaí an domhain**, agus dá bhrí sin ar phraghsanna grán. Ó bhí tús na coinbhleachta ann, taifeadadh ardú mór ar phraghsanna gránach an domhain cheana féin, atá níos airde ná praghsanna 2007/2008. Sa chás sin, ní hamháin go gcuirtear i mbaol soláthar an bhia chuig muintir na hÚcráine, ach cuirtear slándáil bia na dtíortha sin nach bhfuil san Aontas i mbaol freisin, tíortha a bhíonn ag brath ar thráchtearraí a allmhairiú ón Úcráin.

**Tá tionchar mór ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta na tíre**. Sa bhreis ar an líon daoine a fuair bás, an díothú agus na contúirtí a bhaineann leis an gcogaíocht, tá ganntanas lucht saothair ann chun dul ag obair ar fheirmeacha agus ar pháirceanna lena n-áirítear sna Ballstáit máguaird. Tá na hionchuir riachtanacha gann agus deacair nó dodhéanta a fháil. San Úcráin, beidh an cumas barra earraigh a chur agus barra an earraigh agus barra geimhridh araon a bhuain in 2022 cinniúnach agus is dócha go mbeidh tionchar an chogaidh le brath thar roinnt blianta, go háirithe mar gheall ar dhamáiste cogaidh ar bhonneagar agus ar shaoráidí lóistíochta. Sa Rúis, cé nach ndearnadh dochar don táirgeadh mar gheall ar an gcogadh, tá éiginnteacht ann fós maidir lena cumas cainníochtaí móra a onnmhairiú tríd an Muir Dhubh.

*An tslándáil bia i gcomhthéacs domhanda*

Is ábhar imní fós í an tslándáil bia ar fud an phláinéid, agus an imní sin ag dul i méid. Tá sé tugtha chun suntais ag na Náisiúin Aontaithe gur baol mór domhanda don tslándáil bia é an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta[6]. Tá sé tuairiscithe ag FAO go bhfuil 811 mhilliún duine fós thar a bheith tearc-chothaithe agus tá teaglaim de nithe spreagtha ina ndúshlán maidir leis an dul chun cinn i dtreo sprioc forbartha inbhuanaithe Uimh. 2 'Díothú an Ocrais' a bhaint amach. Meastar go rachaidh an t-athrú aeráide chun donais in éagmais bearta éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe. Bíonn tionchar láithreach ag ardú praghsanna bia ar shaoránaigh i dtíortha atá i mbéal forbartha agus sna tíortha is lú forbairt, a bhíonn ag brath ar cheannacháin bia. I **bPraghasinnéacs Bia FAO**, lena ndéantar athruithe míosúla ar phraghsanna tráchtearraí idirnáisiúnta a rianú,

[6] https://www.ipcc.ch/srccl/chapter/chapter-5/, https://www.fao.org/documents/card/en/c/ca3129en/.

léirítear **staid atá ag éirí níos deacra de réir a chéile**: bhí sé 140.7 pointe ar an meán i mí Feabhra 2022, **an pointe is airde riamh**, 3.1 pointe os cionn an phointe ab airde roimhe seo i mí Feabhra 2011.
Cé go bhfuil stoic ag príomhchustaiméirí chruithneacht na hÚcráine agus na Rúise le roinnt míonna, **tá méadú ar phraghsanna le sonrú cheana féin** i dtíortha atá i staid fhorbhásach amhail an tSiria agus an Liobáin, agus san Ailgéir chomh maith.

**In 2021, bhain an neamhshlándáil bia ar fud an domhain amach leibhéil nach bhfacthas riamh roimhe**, agus bhí os cionn 161 mhilliún duine ag éileamh cúnamh bia práinneach, agus beagnach 0.6 milliún duine faoi dhálaí a bhí cosúil le dálaí gorta. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh meath breise ar an staid sin da leanfadh praghsanna bia de bheith ag dul i méid.

## IARSCRÍBHINN 2

## OBAIR LEANTACH AR AN TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA, CHUIG AN GCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN - PRAGHSANNA BIA SAN EORAIP (COM/2008/0821 FINAL)

| Teachtaireacht maidir le moltaí 2008 | Obair leantach |
|---|---|
| Iomaíochas shlabhra an tsoláthair bia a chur chun cinn | Athchóirithe leantacha CBT (2008, 2013, 2021)<br><br>An Fóram Ardleibhéil le haghaidh biashlabhra a fheidhmeoidh níos fearr (2010-2019).<br><br>Comhaontuithe Saorthrádála (e.g. an tSeapáin, Vítneam, Singeapór, Ceanada, Meicsiceo, SADC-EPA) as a dtagann oscailt an mhargaidh agus laghdú na mbacainní neamhtharaife d'onnmhairí bia.<br><br>Faireachas Margaidh agus bunú an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair.<br><br>InvestEU: tacaíocht a thabhairt do FBManna agraibhia tríd an líonra EEN agus rochtain ar ionstraimí airgeadais.<br><br>Comhpháirtíocht an Aontais um Scileanna san agraibhia<br><br>Cód Iompraíochta an Aontais maidir le cleachtais fhreagracha i nGnó agus Margaíocht an Bhia. |
| Cur i bhfeidhm díocasach agus comhleanúnach rialacha iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí a áirithiú sna margaí soláthair bia ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na hÚdaráis Náisiúnta Iomaíochta agus Tomhaltóirí | Rinne an Coimisiún idirghabháil agus chuir sé smachtbhannaí ar an trádáil chomhthreomhar i roinnt cásanna sna margaí bia.<br><br>Chuir an Coimisiún agus na hÚdaráis Náisiúnta Iomaíochta deireadh le roinnt tionscnamh caomhnaitheach náisiúnta maidir le táirgí bia.<br><br>D'údaraigh an Coimisiún roinnt cumasc in ionchuir talmhaíochta (e.g. táirgí um chosaint barr) agus roinnt táirgí bia agus dí (e.g. déiríocht, beoir) faoi réir leigheasanna lena gcosnaítear iomaíocht praghsanna agus rogha agus nuálaíocht.<br><br>Staidéar cuimsitheach an Choimisiúin ar chomhchruinniú na hearnála miondíola nua-aimseartha agus ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar |

| | |
|---|---|
| | an rogha agus ar an nuálaíocht a cuireadh ar fáil do thomhaltóirí ar sheilfeanna siopaí le linn 2004-2012.[i] |
| Athbhreithniú ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais, de réir mar is iomchuí, ar rialacháin a sainaithníodh mar rialacháin a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo maidir le feidhmiú shlabhra an tsoláthair bia | Tuairisc Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta (tuairisc TFMT) Torthaí níos fearr a bhaint amach ar na margaí – treisiú le háit na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair (2016)[ii]<br><br>Soiléiriú ar fhorálacha iomaíochta sa Rialachán maidir le CEM[iii] (Comheagrú na Margaí), 2018, 2021.<br><br>Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála i gcaidrimh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.<br><br>Simpliú na rialachán maidir le sábháilteacht bia, lena n-áirítear Seiceáil Oiriúnachta ar an Rialachán maidir le Dlí Ginearálta an Bhia. |
| Faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí, d'údaráis phoiblí agus d'oibreoirí margaidh trí fhaireachán buan Eorpach ar phraghsanna bia agus ar an slabhra soláthair a chur ar bun | Bunú 6 Fhaireachlann um an Margadh talmhaíochta[iv] agus tairseach sonraí AGRIFOOD.<br><br>Tuarascálacha Ionchais Gearrthéarmaigh rialta a fhoilsiú[v].<br><br>Uirlis faireacháin Eurostat ar Phraghas an Bhia a chur ar bun[vi]<br><br>Forálacha feabhsaithe maidir le trédhearcacht an mhargaidh le haghaidh táirgí talmhaíochta (Rialachán (AE) 2019/1746 ón gCoimisiún; Leasuithe 2021 ar an CEM[1]).<br><br>Bunú Chóras idirnáisiúnta Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS – féach roinn 3): Sonraí Eurostat maidir le praghsanna bia |
| Bearta a scrúdú chun amhantraíocht a dhíspreagadh chun dochair oibreoirí tráchtála i margaí tráchtearraí talmhaíochta | Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena neartaítear cosaint infheisteoirí agus lena bhfeabhsaítear feidhmiú na margaí airgeadais, rud a fhágann go mbeidh siad níos éifeachtúla, níos athléimní agus níos trédhearcaí.<br><br>Le Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasaítear Treoir 2014/65/AE, chun cabhrú leis an téarnamh ó |

| | |
|---|---|
| | ghéarchéim COVID-19.<br><br>Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le drochúsáid mhargaidh<br><br>Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, tá feidhm aige maidir le raon leathan díorthach thar an gcuntar, lena n-áirítear díorthaigh tráchtearraí áirithe lena méadaítear trédhearcacht díorthach tráchtearraí arna dtrádáil thar an gcuntar. |

[i] https://ec.europa.eu/competition/sectors/agriculture/retail_study_report_en.pdf .

[ii] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/food-farming-fisheries/farming/documents/amtf-report-improving-markets-outcomes_en.pdf

[iii] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheaggrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta

[iv] https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/farming/facts-and-figures/markets/overviews/market-observatories_en

[v] https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/farming/facts-and-figures/markets/outlook/short-term_en

[vi] https://ec.europa.eu/growth/sectors/food-and-drink-industry/competitiveness-european-food-industry/european-food-prices-monitoring-tool_en